AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.7.2021
COM(2021) 426 final

2021/0243 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an ochtú Cruinniú de na Páirtithe sa Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú i ndáil le leasuithe áirithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an ochtú cruinniú de na Páirtithe sa Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú (AEWA) i ndáil le leasuithe áirithe ar Iarscríbhinn 3 atá beartaithe a ghlacadh.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú

Tá an Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú (AEWA) tiomanta d'éin uisce imirceacha agus a ngnáthóg a chaomhnú ar fud na hAfraice, na hEorpa, an Mheánoirthir, na hÁise Láir, na Graonlainne agus Oileánra Cheanada.

Arna fhorbairt faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir le Speicis Imirceacha agus arna riar ag Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, tugann AEWA tíortha agus an pobal idirnáisiúnta caomhnaithe le chéile chun iarracht a dhéanamh caomhnú agus bainistiú comhordaithe ar éin uisce imirceacha a bhunú feadh a raon iomlán imirce.

Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Samhain 1999. Tá an tAontas Eorpach ina Pháirtí Conarthach sa Chomhaontú sin ó bhí an 1 Deireadh Fómhair 2005 ann[1]. Faoi láthair, tá 82 Pháirtí Chonarthacha ann, 44 ón Eoráise (lena n-áirítear an tAontas) agus 38 ón Afraic. Tá 24 Bhallstát den Aontas ina bpáirtithe sa Chomhaontú[2].

Le Treoir 2009/147/CE maidir le héin fhiáine a chaomhnú (an Treoir maidir le hÉin)[3], cuirtear na gealltanais a leagtar amach sa Chomhaontú chun feidhme i ndlí an Aontais. Baineann an Treoir maidir le hÉin le caomhnú gach speicis éin a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin i gcríoch Eorpach na mBallstát lena mbaineann an Conradh. Cumhdaítear léi cosaint agus caomhnú na speiceas sin agus leagtar síos rialacha maidir lena saothrú.

2.2. Cruinniú na bPáirtithe

Is é Cruinniú na bPáirtithe príomhchomhlacht cinnteoireachta an Chomhaontaithe. Tá cumhachtaí aige athbhreithniú a dhéanamh ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú agus tagann sé le chéile gach 3 bliana. Tá vóta amháin ag gach Páirtí, ach déanann eagraíochtaí réigiúnacha um lánpháirtiú eacnamaíoch, amhail an tAontas Eorpach, a gceart vótála a fheidhmiú le líon vótaí atá comhionann le líon a mBallstát atá ina bPáirtithe sa Chomhaontú. Glacfar le haon leasú ar Iarscríbhinn trí thromlach dhá thrian de na Páirtithe a bheidh i láthair ag an gcruinniú.

Tionólfar an t-Ochtú Cruinniú de Pháirtithe an Chomhaontaithe an 5-8 Deireadh Fómhair 2021 san Ungáir.

---

[1] Cinneadh 2006/871/CE ón gComhairle an 18 Iúil 2005 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le hÉin Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú. IO L 345, 8.12.2006, lch. 24.

[2] Tá trí Bhallstát nach Páirtithe iad sa Chomhaontú: Málta, an Ostair agus an Pholainn.

[3] IO L 20, 26.1.2010. lch. 7 - http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2010:020:0007:0025:EN:PDF.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag Cruinniú na bPáirtithe

An 5-8 Deireadh Fómhair 2021, le linn an ochtú cruinniú dá chuid, tá Cruinniú na bPáirtithe le Rún 8.xx a ghlacadh maidir le leasuithe a ghlacadh ar na hIarscríbhinní a ghabhann le AEWA i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal X den Chomhaontú ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe Iarscríbhinn 3 (Plean Gníomhaíochta) a ghabhann leis an gComhaontú a leasú. Cé gur in Iarscríbhinn 2 atá liosta na n-éan uisce imirceach a bhfuil feidhm ag an gComhaontú ina leith, sonraítear in Iarscríbhinn 3 gníomhaíochtaí a dtabharfaidh na Páirtithe fúthu i ndáil le speicis tosaíochta. Liostaítear na speicis tosaíochta i dTábla 1 d'Iarscríbhinn 3 de réir critéir áirithe a leagtar amach sa Tábla céanna.

Le hAirteagal II den Chomhaontú foráiltear mar a leanas: *'Déanfaidh na Páirtithe bearta comhordaithe chun stádas caomhnaithe fabhrach a choinneáil ar bun le haghaidh speicis éan uisce imirceach nó chun iad a thabhairt ar ais chuig an stádas sin. Chun na críche sin, cuirfidh siad i bhfeidhm, laistigh de theorainneacha a ndlínse náisiúnta, na bearta a fhorordaítear in Airteagal III, mar aon leis na gníomhaíochtaí sonracha arna gcinneadh sa Phlean Gníomhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal IV den Chomhaontú seo'*.

Tiocfaidh an gníomh atá beartaithe i bhfeidhm le haghaidh na bPáirtithe uile agus beidh sé ina cheangal orthu an 90ú lá tar éis dáta a ghlactha ag Cruinniú na bPáirtithe, ach amháin i gcás Páirtithe a bhfuil forchoimeádas curtha isteach acu. Le linn na tréimhse 90 lá, féadfaidh aon Pháirtí, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Taiscí, forchoimeádas a chur isteach maidir le leasú ar Iarscríbhinn.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é an seasamh atá beartaithe a ghlacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an ngníomh atá beartaithe ag an ochtú Cruinniú de na Páirtithe.

Is í an Ríocht Aontaithe a mhol na leasuithe ar Thábla 1 d'Iarscríbhinn 3 atá sa ghníomh atá beartaithe, bunaithe ar na moltaí ó Choiste Teicniúil AEWA agus is éard atá iontu:

(1) catagóir nua (f) a chruthú agus a chur isteach i gcás pobail speiceas a liostaítear i gcatagóir 3 de Cholún A agus i gcatagóir 2 de Cholún B de Thábla 1 in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú, nuair a bhíonn sonraí easnamhach ina dtaobh, mar shampla i gcás nach bhfuil aon fhaisnéis ar fáil faoi threochtaí;

(2) na catagóirí i dTábla 1 atá bunaithe ar threocht atá neamhchinnte ó thaobh staidrimh de agus nach fios líon an phobail a mharcáil le '()'; agus

(3) catagóirí na bpobal a athrú i gcomhréir leis an bhfianaise arna bailiú mar chuid den 8ú heagrán de Thuarascáil AEWA ar an Stádas Caomhantais.

Tá na leasuithe atá beartaithe i bpointí (1) agus (2) thuas bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim, toisc go n-áiritheofar leo go gcuirfear an easpa faisnéise maidir le treocht líon an phobail san áireamh go cúramach i liostú na bpobal agus, dá bhrí sin, chun leibhéal níos airde cosanta a bhaint amach, nuair is gá. Déanfaidh an Coimisiún na leasuithe sin a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus le hAirteagal 3(3) de Chinneadh 2006/871/CE ón gComhairle an 18 Iúil 2005 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú.

Maidir leis na leasuithe atá beartaithe faoi phointe (3) thuas, is éard atá i gceist leo sin athruithe ar liostú i gcás speicis áirithe agus a bpobal. As na leasuithe sin atá beartaithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú, níl an t-athrú ar liostú cúig phobal de cheithre

speiceas i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais (an Treoir maidir le hÉin). Foráiltear leis na leasuithe sin maidir leis an méid seo a leanas:

– aistriú ó Cholún B1 go Colún A3 de Thábla 1 i gcás:

- dhá phobal (pobal na hÍoslainne/na Ríochta Aontaithe & na hÉireann, agus pobal na Mara Duibhe & na Tuirce) den Ghé Ghlas (*Anser anser*)
- pobal na Mara Duibhe & na Meánmhara Thoir den Phóiseard Cíordhearg (*Netta rufina*)
- Pobal na Sibéire Láir agus Thoir/Iardheisceart na hÁise Thoir & Deisceart na hAfraice den Fheadóg Ghlas (*Pluvialis squatarola squatarola*).

– aistriú ó Chritéar 4 i gColún A go Critéar (3c) laistigh de Cholún A de Thábla 1 i gcás phobal Oirdheisceart na hEorpa & na hÁise Thiar/Iardheisceart na hÁise & Oirthuaisceart na hAfraice den Roilleach (*Haematopus ostralegus longipes*).

Ciallaíonn na haistrithe sin dá bhforáiltear i gcás na gcúig phobal de cheithre speiceas nach gceadófaí fiach faoin gComhaontú a thuilleadh, cé gur speicis infhiacha iad faoin Treoir maidir le hÉin ós rud é go liostaítear iad i gCuid b d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir maidir le hÉin. Dá bhrí sin, beidh gá le cosaint dlí níos láidre maidir leis na leasuithe sin ná mar atá ag teastáil faoi dhlí an Aontais.

Dá mbeadh réiltín '*' ag gabháil leis na hathruithe atá beartaithe, thabharfadh sé sin le fios go bhféadfaí leanúint ar aghaidh le fiach an speicis ar bhonn úsáide inbhuanaithe laistigh de chomhthéacs plean gníomhaíochta idirnáisiúnta lena gcuirtear chun feidhme prionsabail na bainistíochta buainte oiriúnaithí. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí forchoimeádas an Aontais Eorpaigh maidir leis an bpobal sin a bhaint a luaithe a bheadh sásra bainistíochta buainte oiriúnaithí i bhfeidhm faoi chomhlacht idirnáisiúnta, i gcomhréir le ceanglais Airteagal 7 den Treoir maidir le hÉin. Mar sin féin, níl réiltín '*' ag gabháil le haon cheann de na leasuithe atá beartaithe.

Déanfar na leasuithe go léir atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 218.9 CFAE. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Chinneadh 2006/871/CE ón gComhairle an 18 Iúil 2005, cuirfidh an Coimisiún forchoimeádas isteach maidir leis na leasuithe atá beartaithe a bhaineann leis na cúig phobal de cheithre speiceas thuasluaite, faoi mar a rinne sé le haghaidh leasuithe a raibh éifeachtaí comhchosúla leo, ós rud é go mbeadh leasú ar an Treoir maidir le hÉin ag teastáil uathu, rud nach féidir a dhéanamh laistigh de 90 lá ón dáta a nglacfaidh Cruinniú na bPáirtithe iad.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí leis an nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí

idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[4].

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é Cruinniú na bPáirtithe arna bhunú le comhaontú, eadhon an Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú.

Is é atá sa ghníomh a iarrtar ar Chruinniú na bPáirtithe a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus beidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, eadhon an Treoir maidir le hÉin. Is amhlaidh atá toisc nach mbíonn roinnt gníomhaíochtaí, go háirithe maidir le fiach, a dtabharfaidh na Páirtithe fúthu i ndáil le speicis tosaíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú ag luí i gcónaí leis an méid dá bhforáiltear leis an Treoir maidir le hÉin le haghaidh an speicis chéanna. Is é sin le rá, i gcás nach mbeidh speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir maidir le hÉin infhiacha a thuilleadh faoi AEWA, bheadh gá leis an Treoir maidir le hÉin a leasú.Faoi Airteagal 3 de Chinneadh 2006/871/CE ón gComhairle an 18 Iúil 2005 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú, i ndáil le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Chomhphobail, údaraítear don Choimisiún leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal X(5) den Chomhaontú a fhormheas thar ceann an Chomhphobail. Tá an t-údarú seo teoranta, áfach, do na leasuithe sin atá comhsheasmhach le reachtaíocht an Chomhphobail maidir le héin fhiáine agus a ngnáthóga nádúrtha a chaomhnú, ar leasuithe iad nach bhfuil aon mhodhnú ar an reachtaíocht sin i gceist leo.

Na leasuithe atá beartaithe ar Thábla 1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis na ceithre speiceas seo a leanas: an Ghé Ghlas (*Anser anser*), an Póiseard Cíordhearg (*Netta rufina*), an Fheadóg Ghlas (*Pluvialis squatarola squatarola*) agus an Roilleach (*Haematopus ostralegus longipe*s), ós rud é go mbeadh leasú ar an Treoir maidir le hÉin ag teastáil uathu, bheadh cinneadh ón gComhairle ag teastáil chun an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san ochtú Cruinniú de na Páirtithe sa Chomhaontú i ndáil leis sin[5].

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí leis an nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi

[4] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

[5] I gcás leasuithe nach n-éileodh leasú ar an Treoir maidir le hÉin, féadfaidh an Coimisiún iad a fhormheas i gcomhréir le Cinneadh 2006/871/CE ón gComhairle an 18 Iúil 2005.

Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is leis an gcomhshaol a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar Iarscríbhinn 3 leis an ngníomh atá beartaithe don Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2021/0243 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an ochtú Cruinniú de na Páirtithe sa Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú i ndáil le leasuithe áirithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú (‘an Comhaontú’) i bhfeidhm an 1 Samhain 1999 agus rinneadh é a fhormheas thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2006/871/CE ón gComhairle[6].

(2) De bhun mhír 5 d’Airteagal X den Chomhaontú, féadfaidh Cruinniú na bPáirtithe leasuithe a ghlacadh ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú.

(3) Ag an Ochtú Cruinniú de na Páirtithe, ó 5-8 Deireadh Fómhair 2021, táthar ag súil go nglacfar rún maidir le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCruinniú na bPáirtithe a bhunú, ós rud é go mbeidh an Rún ina cheangal ar an Aontas agus go mbeidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon an Treoir maidir le hÉin.

(5) Na leasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú a thíolaic an Ríocht Aontaithe agus a leagtar amach i ndréachtrún 8.xx maidir leis na ceithre speiceas seo a leanas: an Ghé Ghlas (*Anser anser*), an Póiseard Cíordhearg (*Netta rufina*), an Fheadóg Ghlas (*Pluvialis squatarola squatarola*) agus an Roilleach (*Haematopus ostralegus longipes*), ar leasaithe iad nach bhfuil i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais (an Treoir maidir le hÉin), ba cheart iad a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh, ós rud é go rannchuidíonn siad le céim níos airde cosanta a bhaint amach le haghaidh phobail na speiceas sin atá ag dul i léig. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Chinneadh 2006/871/CE ón gComhairle an 18 Iúil 2005, ba cheart don Choimisiún forchoimeádas a chur isteach maidir leis na leasuithe atá beartaithe a bhaineann leis na ceithre speiceas thuas, ós rud é go mbeadh leasú ar an Treoir maidir le hÉin ag teastáil uathu, rud nach féidir a dhéanamh laistigh de 90 lá ón dáta a nglacfaidh Cruinniú na bPáirtithe iad.

[6] IO L 345, 8.12.2006, lch. 24.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an ochtú cruinniú de na Páirtithe sa Chomhaontú:

Na leasuithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú a thíolaic an Ríocht Aontaithe agus a leagtar amach i ndréachtrún 8.xx de chuid an ochtú Cruinniú de na Páirtithe sa Chomhaontú maidir leis na ceithre speiceas seo a leanas: an Ghé Ghlas (*Anser anser*), an Póiseard Cíordhearg (*Netta rufina*), an Fheadóg Ghlas (*Pluvialis squatarola squatarola*) agus an Roilleach (*Haematopus ostralegus longipes*), déanfar iad a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an ochtú Cruinniú de na Páirtithe.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán